


An
Bord
Pleanála

Scéim Teanga An Bhord Pleanála 2021 go dtí 2024

An Bord Pleanála Language Scheme 2021 to 2024





An
Bord
Pleanála

**Scéim Teanga An Bhoird Phleanála 2021 go 2024
faoi alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**An Bord Pleanála Language Scheme 2021 to 2024
under section 15 of the Official Languages Act 2003**





An Clár

Uimhreacha leathanach

Caibidil 1	Buneolas, Forléargas agus Achoimre ar Sheirbhís	4-6
Caibidil 2	Uillmhú na Scéime Gaeilge	7-10
Caibidil 3	Modhanna Cumarsáide i dtaobh Seirbhísí	11-12
Caibidil 4	Breisiú na Seirbhísí a Chuirfear ar fáil go Dátheangach	13-23
Caibidil 5	Cur i bhFeidhm	24-26
Caibidil 6	Monatóireacht agus Athbhreithniú	27
Caibidil 7	Poibliú na Scéime Teanga	28-29





Contents	Page Number
Chapter 1 Introduction, Overview and Summary of Services	4-6
Chapter 2 Preparation of Language Scheme	7-10
Chapter 3 Means of Communication in relation to Services	11-12
Chapter 4 Enhancement of Services to be provided bilingually	13-23
Chapter 5 Implementation	24-26
Chapter 6 Monitoring and Review	27
Chapter 7 Publicising of New Scheme	28-29



Caibidil 1

Buneolas, Forléargas agus Achoimre ar Sheirbhísí

Bunaíodh an Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanál agus Forbairt), 1976 agus is air atá an cúram as achomhairc a chinneadh agus gnóthaí eile faoi na hAchtanna um Pleanál agus Forbairt, 2000 go 2019 agus as iarratais dhíreacha ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus Tithíochta Straitéisí a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údarás áitiúla agus údarás eile faoi na hachtacháin éagsúla. Is é an Bord Pleanála, leis, a chinneann achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliu Uisce agus Rialú Foirgniochta.

Is é seo ár ráiteas misin:

“Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaon, éifeachtach agus oscailte le cinntíú go luífidh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.”

Tá roinnt oibleagáidí ag Bord Pleanála faoi Alt 135 (8) den Acht um Pleanál agus Forbairt, 2000 maidir leis an nGaeilge.

Is iad sin:

- (a) Féadfar éisteacht ó bhéal a reáchtáil trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla.
- (b) Sa chás go mbaineann éisteacht ó bhéal le forbairt laistigh den Ghaeltacht, seolfar an éisteacht trí mheán na Gaeilge, mura n-aontaíonn na páirtithe san achomharc nó sa tarchur lena mbaineann an éisteacht gur chóir an éisteacht a reáchtáil i mBéarla.

Chapter 1

Introduction, Overview and Summary of Services.

An Bord Pleanála was established in 1977 under the Local Government (Planning and Development) Act 1976 and is responsible for the determination of appeals and certain other matters under the Planning and Development Acts 2000 (as amended) and determination of direct applications for Strategic Infrastructure and Housing Developments. It is also responsible for dealing with proposals for the compulsory acquisition of land by local authorities and others under various enactments. An Bord Pleanála also determines appeals under the Water Pollution and Building Control Acts.

Our mission statement is:

“To play our part as an independent national body in an impartial, efficient and open manner, to ensure that physical development and major infrastructure projects in Ireland respect the principles of sustainable development, including the protection of the environment.”

An Bord Pleanála has a number of obligations under Section 135(8) of the Planning and Development Act, 2000 concerning the Irish language.

These are:

- (a) An oral hearing may be conducted through the medium of the Irish or the English language.
- (b) Where an oral hearing relates to development within the Gaeltacht, the hearing shall be conducted through the medium of the Irish language, unless the parties to the appeal or referral to which the hearing relates agree that the hearing should be conducted in English.



(c) Sa chás go mbaineann éisteacht ó bhéal le forbairt lasmuigh den Ghaeltacht, seolfar an éisteacht trí mheán an Bhéarla, mura n-aontaíonn na páirtithe san achomharc nó an tarchur lena mbaineann an éisteacht gur chóir an éisteacht a reáchtáil i nGaeilge.

Caithfidh an Bord Pleanála, faoi Alt 120 (1) d'Acht 2000, daoine a cheapadh le bheith ina bhfostaithe ag féachaint don ghá lena chinntíú go bhfuil líon leordhóthanach foirne inniúil sa Ghaeilge ionas go mbeidh siad in ann seirbhís a sholáthar trí Gaeilge.

Ina theannta sin, foráiltear le hAlt 10(2)(m) d'Acht 2000 go n-áireofar i bplean forbartha cuspóirí chun oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, áit a bhfuil ceantar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha. Tá sé de cheangal ar Bhord Pleanála aird a thabhairt ar phlean forbartha an údaráis phleanála agus a chinntí á ndéanamh aige.

Fáiltíonn an Bord Pleanála roimh ullmhú na Scéime Teanga seo mar dheis chun leordhóthanacht na seirbhísí a thairgeann sé a mheas agus leathnú a dhéanamh ar infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge.

Rinne an Bord Pleanála uasghrádú le déanaí ar a chórais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide. Is é an uaillmhian don todhchaí áis a sholáthar ionas gur féidir iarratais, achomhairc agus breathnuithe a dhéanamh ar líne trínár suíomh Gréasáin nuashonraithe. Chuir an chéad chéim den uasghrádú seo suíomh Gréasáin níos soláimhsithe ar fáil le feidhmiúlacht fheabhsaithe cuardaigh cásanna. Mar chuid den tionscadal iomlán seo, breithneoidh an eagraíocht freisin modhanna cumarsáide nua a úsáid, mar shampla na meáin shóisialta, chun faisnéis a scaipeadh maidir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Bhoird Phleanála. Aithníonn an Bord Pleanála go gcomhlíonfaidh dearadh agus cur i

(c) Where an oral hearing relates to development outside the Gaeltacht, the hearing shall be conducted through the medium of the English Language, unless the parties to the appeal or referral to which the hearing relates agree that the hearing should be conducted in the Irish language.

An Bord Pleanála, under Section 120(1) of the 2000 Act, must also appoint persons to be employees having regard to the need to ensure that an adequate number of staff are competent in the Irish language so as to be able to provide service through Irish.

Furthermore, Section 10(2)(m) of the 2000 Act provides that a development plan shall include objectives for the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language, where there is a Gaeltacht area in the area of the development plan. An Bord Pleanála is bound to have regard to the development plan of the planning authority when making its decisions.

An Bord Pleanála welcomes the preparation of this Language Scheme as an opportunity to assess the adequacy of the services it offers and to expand on the availability of services through Irish.

An Bord Pleanála has undertaken a recent upgrade to its Information and Communication Technology systems. The future ambition is to provide the facility to make applications, appeals and observations online via our updated website. The first step of this upgrade provided a more user-friendly website with enhanced case search functionality. As part of this overall project, the organisation will also consider the use of new communication channels, for example social media, to disseminate information in respect of the functions and activities of An Bord Pleanála. An Bord Pleanála recognises that the design and implementation of these customer interface elements of the project which are focused on improving




bhfeidhm na ngnéithe seo de chomhéadan custaiméara an tionscadail, atá dírithe ar sheirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, na forálacha atá leagtha amach sa scéim seo.

Is é leagan Gaeilge na scéime seo an leagan oifigiúil.

customer service will comply with provisions set out in this scheme.

The Irish language version of this scheme is the official version.



Caibidil 2

2.1 Scéim Ghaeilge nua a ullmhú

D'ullmaigh an Bord Pleanála a tríú scéim de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'iarr an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán ar an mBord Pleanála de réir alt 15 den Acht athbhreithniú a dhéanamh ar a tríú scéim agus dréachtscéim nua a ullmhú.

Foráiltear le halt 11 den Acht, chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críocha oifigiúla sa Stát, go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrófar na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar:

- go heisiach trí mheán na Gaeilge
- go heisiach trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na nGaeilge agus na mBéarla

agus na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntí go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de chreat ama comhaontaithe.

Uillmhaíodh an Scéim seo ag féachaint do na Treoirílnte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Meán Fómhair 2004.

D'fhoilsigh Bord Pleanála fógra faoi alt 13 den Acht, ag lorg aighneachtaí ó aon pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréachtscéime nua. Cuirtear aighneacht ar bith a fhaightear ar fáil ag www.pleanala.ie

Chapter 2

2.1 Preparation of New Language Scheme

An Bord Pleanála prepared its third scheme under Section 15 of the Official Languages Act 2003.

The Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media requested An Bord Pleanála in accordance with section 15 of the Act to review its third scheme and to prepare a new draft scheme.

Section 11 of the Act provides that, for the purposes of promoting the use of the Irish Language for official purposes in the State, public bodies prepare a statutory scheme specifying the services, which the public body proposes to provide:

- exclusively through the medium of the Irish Language
- exclusively through the medium of the English Language, and
- through the medium of both the Irish and English Languages

and the measures the body proposes to adopt to ensure that any service that are not provided by the body through the medium of the Irish Language will be so provided within an agreed timeframe.

This Scheme was prepared having regard to the Guidelines under Section 12 of the Official Languages Act 2003 issued by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs in September 2004.

An Bord Pleanála published a notice under section 13 of the Act, inviting submissions from any interested parties regarding the preparation of the new draft scheme. Any submissions received are available at www.pleanala.ie



D'ullmhaigh agus cheadaigh Bord an Bhoird Phleanála an ceathrú scéim nua seo tar éis breithniú a dhéanamh ar gach aighneacht ábhartha a fuarthas. Ina measc seo bhí tuairimí Chonradh na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus Coistí Gaeilge an Bhoird Phleanála. Tá an scéim ceadaithe freisin ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán Catherine Martin, TD.

2.2 Ábhar agus Cuspóirí na Scéime Gaeilge

Aithníonn an Bord Pleanála gur féidir le baill an phobail a dtuairimí agus a riachtanais a chur in iúl níos fearr sa teanga is fearr leo, gur ábhar dea-chleachtais é a chumasú don phobal a rogha teanga a úsáid, agus go bhféadfadh sé baill an phobail a chur faoi mhíbhuntáiste diúltú dóibh an teanga is fearr leo a úsáid. Le cur i bhfeidhm na scéime seo, tá an Bord Pleanála tiomanta do chultúr dátheangach a chruthú agus é ag plé le custaiméirí agus a seirbhísí go léir a sholáthar trí mheán na Gaeilge de réir a chéile in imeacht roinnt blianta.

Is é príomhaidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na scéime seo a chinntíú go mbeidh seirbhísí poiblí níos fearr agus ar chaighdeán Gaeilge níos airde ar fáil.

Tugadh gealltanais shuntasacha i gcéad trí scéim an Bhoird Phleanála leibhéal na seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú. Tá an ceaathrú scéim seo bunaithe ar an tuiscint gur cuireadh na gealltanais seo go léir sna scéimeanna roimhe seo i bhfeidhm.

Is é cuspóir na ceathrú scéime seo leanúint le comhlíonadh na ngealltanais a rinneadh sna scéimeanna roimhe seo agus tógáil ar an dul

This new fourth scheme was prepared and approved by the Board of An Bord Pleanála following consideration of all relevant submissions received. These included the views of Conradh na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta and Irish Language Committees of An Bord Pleanála. The scheme has also been approved by the The Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media Ms Catherine Martin, TD.

2.2 Content and Objectives of the Language Scheme

An Bord Pleanála recognises that members of the public can express their views and needs better in their preferred language, that enabling the public to use their preferred language is a matter of good practice, and that denying the customer the right to use their preferred language could place members of the public at a disadvantage. With the implementation of this scheme, An Bord Pleanála is committed to creating a bilingual culture in its dealings with customers and to provide all its services through the medium of Irish in a phased manner over a number of years.

The primary objective of the Official Languages Act 2003 and this scheme is to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish.

Significant commitments were given in An Bord Pleanála's first three schemes to improve the level of services through Irish. This fourth scheme is based on the understanding that all of these commitments in the earlier schemes were implemented.

The objective of this fourth scheme is to continue the delivery of the commitments made in the earlier schemes and to build on the progress



chun cinn a baineadh amach thar thréimhse na scéimeanna sin agus ar an mbeartas teanga atá á feidhmiú ag an mBord Pleanála le roinnt blianta. Tá na forálacha seo a leanas ag teacht leis an gcuspóir seo:

- Tá glaoiteoirí chuig ár n-oifigí in ann a ngní a dhéanamh i nGaeilge más mian leo.
- Sa chás go scríobhtar achomharc nó tuairim i nGaeilge, eiseofar cinneadh an Bhoird i nGaeilge nó go dátheangach.
- Sa chás go mbaineann éisteacht ó bhéal le forbairt bheartaithe laistigh den Ghaeltacht, seolfar an éisteacht ó bhéal trí Ghaeilge, mura n-aontaíonn na páirtithe san achomharc gur chóir an éisteacht ó bhéal a reáchtáil i mBéarla.
- Tabharfar freagra i nGaeilge ar aon chomhfhareagras a gheofar i nGaeilge de réir forálacha alt 9 (2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Foilsítear gach fógra i gceantair Ghaeltachta i nuachtán Gaeilge.
- Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Phleanála go dátheangach.
- Cuirfear cúrsaí oiliúna intí ar fáil don fhoireann chun baill foirne a spreagadh chun a gcuid eolais ar an nGaeilge a mhéadú agus é ar intinn seirbhís níos fearr a sholáthar trí Ghaeilge.
- Spreagfar agus éascófar baill foirne chun freastal ar chúrsaí seachtracha Gaeilge trí tháillí a aisíoc agus saoire staidéir a dheonú.

achieved over the period of those schemes and on the language policy that has been operated by An Bord Pleanála for a number of years. The following provisions are in accordance with this objective:

- Callers to our offices are able to conduct their business in Irish if they wish.
- Where an appeal or observation is written in Irish, the decision of the Board will be issued in Irish or bilingually.
- Where an oral hearing relates to a proposed development within the Gaeltacht, the oral hearing will be conducted through Irish, unless the parties to the appeal agree that the oral hearing should be conducted in English.
- Any correspondence received in Irish will be responded to in Irish in accordance with the provisions of section 9(2) of the Official Languages Act 2003.
- Publish all advertisements in Gaeltacht areas in an Irish language newspaper.
- Publication of the An Bord Pleanála Annual Report bilingually.
- In-house training courses will be provided to staff to encourage staff to increase their knowledge of Irish with the intention of providing a better service through Irish.
- Staff will be encouraged and facilitated in attending external Irish language courses through the reimbursement of fees and the granting of study leave.



- Éascófar don fhoireann freastal ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht i rith míonna an tsamhraidh.

Tá sé beartaithe go neartóidh an scéim na gealltanais a tugadh inár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí maidir le Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla.

2.3 Dáta Thús Feidhme na Scéime

Tá an scéim daingnithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Tosóidh an scéim le héifeacht ón 01 Nollaig 2021 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire faoi alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, cibé acu is déanaí.

- Staff will be facilitated to attend Irish language courses in the Gaeltacht during the summer months.

It is intended that the scheme will strengthen the commitments made in our Customer Action Plan concerning Official Languages Equality.

2.3 Commencement Date of the Scheme

This Scheme has been confirmed by the Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media. The scheme will commence with effect from 01 December 2021 and will remain in force for a period of three years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister under section 15 of Official Languages Act 2003, whichever is the later.



Caibidil 3

3.1 Modhanna Cumarsáide i dtaoibh Seirbhísí.

Is iad príomh-mhodhanna cumarsáide an Bhoird Phleanála le hachomharcóirí /iarratasóirí/breathnóirí/agóideoirí agus an pobal i gcoitinne:

- i. Cinntí agus comhfhereagras a eisíodh i ndáil le hachomhairc, atreoruithe agus iarratais aonair.
- ii. Foilseacháin chorparáideacha lena n-áirítear Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cait do Chustaiméirí / Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus an Scéim Ghaeilge.
- iii. Suíomh gréasáin:
- iv. Doiciméid Faisnéise Ginearálta agus Treoiríne
- v. Na Meáin Náisiúnta agus Áitiúla.

i) Cinntí agus Comhfhereagras

Sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt i gceantar Gaeltachta agus i gcás go ndearnadh an t-iarratas, an t-achomharc nó an tuairim i nGaeilge, is é an beartas ordú a eisiúint go dátheangach. Ina theannta sin, is é cleachtas an Bhoird Phleanála ordú dátheangach a eisiúint ar aon chinneadh a bhaineann le forbairt shuntasach i gceantar Gaeltachta d'ainneoin nach bhfuarthas aon aighneacht i nGaeilge.

ii) Foilseacháin Chorparáideacha

Cuirtear foilseacháin chorparáideacha, ar nós Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Phleanála, ar fáil go dátheangach. Go dátheangach a eisítear aon ráiteas meán i dtaca le foilseacháin. I mBéarla a bhíonn seoltaí meánach, má iarrtar é, tabharfaidh urlabhraí agallamh trí Ghaeilge ar chláir nuachta teilihíse agus raidió, nuair is féidir.

Chapter 3

3.1 Means of Communications in relation to Services.

An Bord Pleanála's main means of communications with appellants/applicants/observers/objectors and the general public are through:

- i. Decisions and correspondence issued in relation to individual appeals, referrals and applications.
- ii. Corporate publication including Statement of Strategy, Annual Report, Customer Charter/Customer Action Plan and Language Scheme Website.
- iii. General Information and Guideline Documents
- v. National and Local Media.

i) Decisions and Correspondence

Where the application relates to development in a Gaeltacht area and where the application, appeal or observation was made in Irish, it is the policy to issue an order bilingually. In addition, it is An Bord Pleanála's practice to issue a bilingual order on any decision relating to a significant development in a Gaeltacht area notwithstanding that no submission was received in Irish.

ii) Corporate Publications

Corporate publications are produced and made available bilingually such as An Bord Pleanála's Annual Report which is issued yearly. Any media statement issued in conjunction with publications are also issued bilingually. Media launches are held through English but, if requested, a spokesperson will conduct an interview through Irish language on television and radio news programmes, where possible.





iii) Suíomh gréasáin

Sheol an Bord Pleanála suíomh Gréasáin nuashonraithe in Aibreán 2021. Tá feidhmiúlacht fheabhsaithe ag an suíomh Gréasáin agus cuirtear gach eolas statach ar fáil go dáttheangach. Féachann an Bord leis an bhfeidhmiúlacht seo a fheabhsú agus a bhrefisiú go leanúnach chun a dhícheall a dhéanamh go mbeidh na seirbhísí inrochtana do gach duine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Cuimsíonn an suíomh Gréasáin leaganacha Gaeilge agus Béarla de dhoiciméid faisinéise, tuarascálacha agus treoirlínte atá foilsithe ag an eagraíocht.

Cuirtear tuairiscí forbartha ar chásanna nua agus cásanna cinnte ar an suíomh Gréasáin gach seachtain. Éilíonn an beartas atá ann faoi láthair go gcuirfí na tuairiscí forbartha ar an suíomh Gréasáin sa teanga ina ndearnadh na hiarratais. Cuirtear gach mír nuachta nó fógra a rinne an eagraíocht ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Cuirtear cláir oibre aon Éisteachtaí ó Bhéal atá ag an mBord Pleanála ar an suíomh Gréasáin sa dá theanga freisin.

iv) Eolas/Treoirlínte

Cuirtear faisinéis agus treoirlínte a d'fhoilsigh an Bord Pleanála ar fáil sa dá theanga agus cuirtear ar an suíomh Gréasáin iad sa dá theanga

v) Na Meáin Náisiúnta agus Áitiúla

Go ginearálta eisítear cinntí faoi mhórphorbairtí nó faoi nithe is inspéisíte do na meáin do na meáin tar éis fógra a thabhairt do na páirtithe lena mbaineann. Déileáiltear le ceisteanna ó

iii) Website

An Bord Pleanála launched a updated website in April 2021. The website has enhanced functionality, it offers bi-lingual in respect of all static information. The Board seeks to continually improve and enhance this functionality to strive that services are accessible to all who wish to conduct their business through Irish. The website includes Irish and English versions on information documents, reports and guidelines published by the organisation.

Development descriptions of new and decided cases are posted on the website every week. The existing policy dictates the development descriptions are placed on the website in the language in which the applications were made. All news items or announcements which have been made by the organisation are added in both Irish and English format. Agendas for any Oral Hearings held by An Bord Pleanála are also placed on the website in both languages in addition.

iv) Information/Guidelines

Information and guidelines published by An Bord Pleanála are produced in both languages and are put on the website in both languages

v) National and Local Media

Decisions on major developments or of media interest generally are released to the media following their notification to the parties concerned. Media queries in relation to



na meáin maidir le cinntí sa teanga ina bhfaightear iad

Caibidil 4

Breisiú na Seirbhísí a Chuirfear ar Fáil go Dátheangach

Geallann an Bord Pleanála rochtain a thabhairt ar ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Chomh maith leis na bearta atá liostaithe ar na leathanaigh seo a leanas, féachann an Bord Pleanála le seirbhísí ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar i gcónaí.

4.1 Foilsíú Doiciméad

Leanfaidh an fhaisnéis uile, lena n-áirítear nótáí treorach agus comhairle, tuarascálacha bliantúla, srl. ar fáil go dátheangach agus beidh sí ar fáil go príomha ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Phleanála. Sa chás go n-eisítear cáipéisí i bhformáid chóip chrua, cuirfear ar fáil iad go dátheangach laistigh de dhoiciméad amháin agus tabharfar stádas comhionann don dá theanga.

Sprioc: Leanúnach

4.2 Cumarsáid Scríofa

4.2.1 Leanfaidh an Bord Pleanála ag fáiltiú roimh comhfhereagras i nGaeilge.

Sprioc: Leanúnach

4.2.2 Admhófar comhfhereagras a gheofar i dteanga na cumarsáide bunaidh. Nuair a bheidh tuilleadh comhfhereagrais de dhíth, leanfaidh sé ar aghaidh sa teanga chéanna.

Sprioc: Leanúnach

4.2.3 Ní bheidh moill mhíchuí mar thoradh ar comhfhereagras a dhéanamh leis an mBord Pleanála i nGaeilge. Is í an aidh-

decisions are dealt with in the language in which they are made.

Chapter 4

Enhancement of Services to be Provided Bilingually.

An Bord Pleanála is committed to providing access to its services through the Irish Language. As well as the measures listed in the following pages, An Bord Pleanála's aim is to continue to deliver and enhance a quality customer service in Irish

4.1 Publication of Documentation

All information, including guidance and advice notes, annual reports, etc. will continue to be available bilingually and will be primarily available via the website of An Bord Pleanála. Where documents are produced in a hard copy format, they will be produced bilingually within one document with both languages given equal status.

Target: Ongoing

4.2 Written Communications

4.2.1 An Bord Pleanála will continue to welcome correspondence in Irish.

Target: Ongoing

4.2.2 Correspondence received will be acknowledged in the language of the original communication. When further correspondence is required, it will continue in the same language.

Target: Ongoing

4.2.3 Corresponding with An Bord Pleanála in Irish will not cause any undue delay. The



a bheidh ann go dtabharfar freagra ar gach comhfhereagras laistigh de na spriothréimhsí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí.

Sprioc: Leanúnach

- 4.2.4 Is i nGaeilge a bheidh comhfhereagras tar éis comhrá teileafóin nó comhrá duine le duine i nGaeilge mura bhfuil a mhalaire curtha in iúl ag an glaoiteoir.

Sprioc: Leanúnach

- 4.2.5 Is i nGaeilge a bheidh comhfhereagras a thiocfaidh as cruinniú/comhrá teileafóin nuair a socraíodh gurb é Gaeilge rogha teanga an scríobhneora/an ghlaoiseora, cé go mb'fhéidir nár i nGaeilge a bhí an cruinniú/comhrá teileafóin.

Sprioc: Leanúnach

- 4.2.6 Is i nGaeilge a bheidh an comhfhereagras arna thionscnamh ag an mBord Phleanála le ball den phobal nó eagraíocht i gceantar Gaeltachta nó féadfaidh sé a bheith dátheangach má iarrtar é nó má mheastar go bhfuil gá leis.

Sprioc: Leanúnach

- 4.2.7 Agus seirbhísí á soláthar ó lá go lá, eisítear comhfhereagras caighdeánach i nGaeilge nó i mBéarla, de réir mar is cuí, agus is amhlaidh a bheidh.

Sprioc: Leanúnach

4.3 Foirmeacha iarratais / Achomhairc

- 4.3.1 Beidh gach foirm iarratais pleanála nó achomhairc, treoir agus ábhar

aim will be that all correspondence will receive a reply within the target periods set out in the Customer Action Plan.

Target: Ongoing

- 4.2.4 Correspondence following a telephone or face-to-face conversation in Irish will be in Irish unless the caller has indicated otherwise.

Target: Ongoing

- 4.2.5 Correspondence ensuing from a meeting/telephone conversation where it has been established that the person's preferred language is Irish, will be in Irish, although the meeting/telephone conversation may not have been held through the medium of Irish.

Target: Ongoing

- 4.2.6 Correspondence initiated by An Bord Phleanála with a member of the public or organisation in a Gaeltacht area will be in Irish or may be bilingual if requested or deemed necessary.

Target: Ongoing

- 4.2.7 In the day-to-day delivery of services, standard correspondence is now and will continue to be issued in either Irish or English, as appropriate.

Target: Ongoing

4.3 Application/Appeal Forms

- 4.3.1 All planning application or appeal forms, guides and associated explanatory



míniúcháin gaolmhar ar fáil sa dá theanga oifigiúla ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Phleanála. Beidh aon leaganacha i gcóip chrua dátheangach go hiomlán laistigh de dhoiciméad amháin.

Sprioc: Leanúnach

- 4.3.2 I gcásanna eisceachtúla nuair nach mbíonn an méid thusa indéanta mar gheall ar mhionsonraí teicniúla nó méid na ndoiciméad, féadfar leaganacha ar leithligh Gaeilge agus Béarla a chur ar fáil. Cuirfear ar fáil go comhuaineach iad agus tabharfar an tábhacht chéanna don dá leagan.

Sprioc: Leanúnach

- 4.3.3 Déanfaidh an Bord Pleanála gach iarracht a chinntiú go dtuigtear an Ghaeilge a úsáidtear i bhfoirmmeacha agus i dtreoirlínte go héasca ag féachaint ag an am céanna don litriú agus don ghraiméar a bheith cruinn.

Sprioc: Leanúnach

material will be available in both official languages on the website of An Bord Pleanála. Any hard copy versions will be fully bi-lingual within one document.

Target: Ongoing

- 4.3.2 In exceptional cases where the above proves impractical due to the technicality or the size of the documents, separate Irish and English versions may be made available. Their availability will be simultaneous and both versions will be given equal prominence.

Target: Ongoing

- 4.3.3 An Bord Pleanála will make every effort to ensure that the Irish used in forms and guidelines is easily understood while having regard to accuracy of standard spelling and grammar.

Target: Ongoing

4.4 Preaseisiúintí agus Ráitis

- 4.4.1 Eiseofar gach preasráiteas agus ráiteas go dátheangach agus go comhuaineach.

Sprioc: Leanúnach

- 4.4.2 Cinnteoidh an Bord Pleanála go mbeidh urlabhraí Gaeilge, a bhfuil údarás leordhóthanach aige, ar fáil le haghaidh agallaimh leis na meáin, nuair is féidir.

Sprioc: Leanúnach

4.4 Press Releases and Statements

- 4.4.1 All press releases and statements will be issued bilingually and simultaneously.

Target: Ongoing

- 4.4.2 An Bord Pleanála will ensure that an Irish speaking spokesperson, of sufficient authority, will be available for media interviews, where possible.

Target: Ongoing



4.4.3 Sa chás go bhfuil tuilleadh faisnéise maidir le preaseisiúintí / ráitis le tabhairt, socrófar teagmháil le fostáí atá in ann an fhaisnéis sin a thabhairt i nGaeilge, má iarrtar sin.

Sprioc: Leanúnach

4.5 Foilseacháin / Rochtaí Phoiblí

4.5.1 Beidh gach foilseachán corparáideach dátheangach agus laistigh den chlúdach céanna de réir an chleachtas is fearr.

Sprioc: Leanúnach

4.5.2 I gcás go mbeidh foilseachán nó doiciméad á chur ar fáil trí rochtain phoiblí, ní bheidh aon muirear ar dhoiciméad dátheangach níos mó ná an muirear a ghearrtar ar leagan teanga amháin den doiciméad.

Sprioc: Leanúnach

4.6 Suíomh Gréasáin, Seirbhísí Ar Líne agus TF

